C/2024/2860

23.4.2024

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 25 Bealtaine 2023

lena ndearbhaítear comhchruinniú a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus feidhmiú Chomhaontú LEE

(Cás M.10807 – Viasat / Inmarsat)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad uimhir C(2023) 3528)

(Is é an leagan Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2860)

An 25 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh i gcás cumaisc faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) den Rialachán sin. Is féidir leagan neamhrúnda den Chinneadh iomlán a fháil i mBéarla ar shuíomh gréasáin Ard-**Stiúrthóireacht na hIomaíochta, ag an seoladh a leanas:** *https://competition-cases.ec.europa.eu/search*.

1. RÉAMHRÁ

(1) Maidir le héadáil Inmarsat Group Holdings Limited (‘**Inmarsat**’, an Ríocht Aontaithe) ag Viasat, Inc. (‘**Viasat**’, nó ‘**an Páirtí a thugann fógra**’, SAM), dearbhaítear leis an gCinneadh atá i gceangal leis seo go bhfuil an éadáil sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus Airteagal 8(1) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 57 de Chomhaontú LEE. tagraítear do Viasat agus Inmarsat le chéile mar na‘**Páirtithe**’.

2. NÓS IMEACHTA

(2) An 17 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún Eorpach (an ‘**Coimisiún**’) iarraidh ar tharchur ó údarás iomaíochta náisiúnta na Spáinne de bhun Airteagal 22(1) den Rialachán um Chumaisc maidir leis an idirbheart atá beartaithe lena bhfaighidh Viasat rialú aonair ar Inmarsat ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc (‘**an tIdirbheart**’) ([2]).

(3) Ina dhiaidh sin, chuaigh údaráis iomaíochta náisiúnta na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Danmhairge, na Fionlainne, na Fraince, na hÉireann, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Rómáine, na Sualainne agus na hIorua (iad sin, in éineacht leis an Spáinn, is iad na ‘**Stáit Tarchuir**’ iad) isteach san iarraidh a rinne údarás iomaíochta náisiúnta na Spáinne.

(4) An 26 Iúil 2022, d’eisigh an Coimisiún cinntí lenar ghlac sé le hiarrataí tarchuir ó na Stáit Tarchuir agus lenar chinn sé scrúdú a dhéanamh ar an Idirbheart de bhun Airteagal 22(3) den Rialachán um Chumaisc (‘**Cinntí Airteagal 22**’).

(5) An 9 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra faoin Idirbheart de bhun Airteagal 4 den Rialachán um Chumaisc.

(6) Tar éis an imscrúdaithe céim I, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh amhras mórann maidir le comhoiriúnacht an Idirbhirt leis an margadh inmheánach agus ghlac sé cinneadh imeachtaí a thionscnamh de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc an 13 Feabhra 2023 (‘**Cinneadh Airteagal 6(1)(c)**’).

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1-22.
([2]) Foilseachán in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Uimh. C 14, 16.1.2023, lch. 7.

(7) An 14 Feabhra 2023 agus an 20 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún roinnt doiciméid ríthábhachtacha ar fáil don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

(8) An 27 Feabhra 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a bharúlacha i scríbhinn isteach i ndáil le Cinneadh Airteagal 6(1)(c).(‘**an fhreagairt ar Airteagal 6(1)(c)**’).

(9) An 7 Márta agus an 20 Aibreán 2023, tionóladh cruinnithe maidir le staid na himeartha idir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Coimisiún.

(10) Rinneadh comhairliúcháin leis na Ballstáit maidir leis an nDréachtchinneadh le linn an Choiste Chomhairligh um Chomhchruinnithe an 15 Bealtaine 2023, a thug tuairim fhabhrach. Thug an tOifigeach Éisteachta a thuairim fhabhrach ar na himeachtaí sa tuarascáil uaidh a cuireadh isteach an 3 Bealtaine 2023.

3. **NA PÁIRTITHE**

(11) Is cuideachta de chuid na Stát Aontaithe é Viasat atá liostaithe go poiblí (tá sé liostaithe ar an NASDAQ) agus atá lonnaithe i Carlsbad California, agus soláthraíonn sé seirbhísí cumarsáide satailítbhunaithe dhá threo. Tá ceithre shatailít dhomhanfhithiseach gheochobhsaí (**GEOnna**) faoi úinéireacht ag Viasat agus oibríonn sé iad. Ina theannta sin, faigheann Viasat léas ar acmhainneacht ar shatailítí tríú páirtí. Tá trí phríomhchuid ghnó ag Viasat: Seirbhísí Satailíte, Líonraí Tráchtála agus Córais Rialtais.

(12) Is cuideachta de chuid na Ríochta Aontaithe é **Inmarsat,** atá i seilbh phríobháideach agus a bhfuil a ceanncheathrú i Londain, agus cuireann sé seirbhísí cumarsáide satailítbhunaithe dhá threo ar fáil ar fud an domhain. Tá trí líonra satailíte dílseánaigh ar fud a chabhlach de 15 GEO faoi úinéireacht ag Inmarsat agus oibríonn sé iad. Is i gceithre chuid a bhaineann le custaiméirí atá gnó Inmarsat eagraithe: réimse na hEitlíochta, réimse na Mara, réimse na Fiontraíochta agus réimse an Rialtais.

(13) Is éard atá san Idirbheart rialú aonair a fháil ag Viasat ar Connect Topco Limited (‘**Connect Topco**’), máthairchuideachta deiridh Inmarsat, de bhun comhaontú díolacháin agus ceannaigh dar dáta an 8 Samhain 2021. Ar chur i gcrích an Idirbhirt, beidh 100 % de scaireanna agus cearta vótála Connect Topco i seilbh Viasat, agus beidh 100 % de na scaireanna in Inmarsat i seilbh Viasat (go hindíreach). Mar thoradh air sin, gheobhaidh Viasat rialú aonair ar Inmarsat. Dá bhrí sin, is comhchruinniú é an tIdirbheart de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

4. **DLÍNSE AN CHOIMISIÚIN**

(14) Níl gné Aontais ag baint leis an Idirbheart de réir bhrí Airteagal 1 den Rialachán um Chumaisc, toisc nach gcomhlíonann láimhdeachas na bPáirtithe tairseacha Airteagal 1(2) nó 1(3) den Rialachán um Chumaisc.

(15) An 26 Iúil 2022, d’eisigh an Coimisiún Cinntí Airteagal 22 agus fuair sé dlínse chun grinnscrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí an Idirbhirt.

5. **NA MARGAÍ TÁIRGÍ ÁBHARTHA**

(16) Chun measúnú a dhéanamh ar an Idirbheart, tá na gníomhaíochtaí gnó seo a leanas de chuid na bPáirtithe ábhartha: (i) Tá Viasat agus Inmarsat araon gníomhach i soláthar acmhainneachta satailíte; (ii) Tá Viasat agus Inmarsat gníomhach i soláthar seirbhísí nascachta le linn eitilte (‘**IFC**’) leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta tráchtála (i.e. Wi-Fi le linn eitilte do phaisinéirí sa chábán); agus (iii) tá Viasat agus Inmarsat araon gníomhach i soláthar seirbhísí IFC do chustaiméirí eitlíochta gnó.

(17) Chun críche an mheasúnaithe ar an Idirbheart, measann an Coimisiún gur dócha gurb iad na margaí seo a leanas na margaí táirgí ábhartha:

i. Margadh an tsoláthair acmhainneachta satailíte leathanbhanda;

ii. Margadh an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta tráchtála; agus

iii. Margadh an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta gnó

(18) Ní dhearnadh foráil san imscrúdú margaidh maidir le cinneadh cinntitheach ar cheart na margaí táirgí ábhartha a dheighilt a thuilleadh ([3]) nó a bheith mar chuid de mhargadh níos leithne ([4]) ná na margaí a liostaítear thuas. D'fhéadfaí teorannú beacht ar mhargadh na dtáirgí a fhágáil ar oscailt, áfach, ós rud é nach gcuirfeadh an tIdirbheart bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach faoi aon sainiú sochreidte a dhéanfaí ar an margadh.

6. **NA MARGAÍ GEOGRAFACHA ÁBHARTHA**

(19) Tar éis a imscrúdaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil raon feidhme domhanda ag na margaí chun acmhainneacht satailíte a sholáthar (agus codanna féideartha díobh, lena n-áirítear acmhainneacht satailíte leathanbhanda a sholáthar) agus na margaí chun seirbhísí IFC a sholáthar do chustaiméirí eitlíochta gnó (agus deighleog a d'fhéadfadh a bheith ann do scairdeitleáin mhóra gnó).

(20) Maidir le margadh an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta tráchtála, mheas an Coimisiún gur de chineál domhanda é an margadh geografach ábhartha. Mar sin féin, chun críche an mheasúnaithe ar an Idirbheart agus maidir le cé acu a chuimsíonn nó nach gcuimsíonn raon feidhme an mhargaidh LEE ar a laghad nó an raon feidhme de chineál domhanda é, d'fhéadfaí an cheist sin a fhágáil ar oscailt ós rud é nach gcuirfeadh an tIdirbheart bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach faoi aon sainiú sochreidte a dhéanfaí ar an margadh.

7. **MEASÚNÚ**

(21) Déantar achoimre sna ranna seo a leanas den nóta seo ar phríomhthorthaí an Choimisiúin.

7.1. **Níor thángthas ar an gconclúid gurb ann d'aon bhac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe i margadh an tsoláthair acmhainneachta satailíte leathanbhanda**

(22) Sa Chinneadh, is é conclúid an Choimisiúin nach dócha go mbeidh bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar an Idirbheart i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe ar mhargadh domhanda an tsoláthair acmhainneachta satailíte leathanbhanda (agus i ngeall ar éifeachtaí den sórt sin ar chodanna féideartha den mhargadh sin, agus ar mhargadh níos leithne an tsoláthair acmhainneachta satailíte), go háirithe mar gheall ar an méid seo a leanas:

(23) *Ar an gcéad dul síos*, tá na sciartha den mhargadh a bhaineann le hacmhainneacht chomhcheangailte na bPáirtithe fós measartha agus tá an méadú air sin teoranta i láthair na huaire (bhí sciar [10-20] % agus [0-5] % ag Viasat agus Inmarsat faoi seach in 2022). Ní chuireann an dá Pháirtí ach sciar beag (níos lú ná [20-30] %) dá n-acmhainneacht satailíte amach ar léas chuig tríú páirtithe iartheachtacha, cion atá i bhfad níos lú ná an sciar a chuireann iomaitheoirí amach ar léas, agus is dócha go ndéantar rómheastachán, leis an bhfigiúr sin, ar sheasamh na bPáirtithe ar an margadh trádála.

([3]) Is iad seo a leanas na deighiltí margaidh féideartha a ndearna an Coimisiún measúnú orthu: (1) maidir le soláthar acmhainneachta satailíte leathanbhanda, deighilt fhéideartha (i) de réir deighleog tionscail d'úsáid deiridh iartheachtach na hacmhainneachta, (ii) idir acmhainneacht satailíte a bhaineann le GEO agus acmhainneacht satailíte a bhaineann le fithis neamh-gheochobhsaí ('**NGSO**')/ísealfhithis dhomhanda ('**LEO**'), (iii) idir acmhainneacht a bhaineann le satailítí ard-tréchuir ('**HTS**') agus acmhainneacht neamh-HTS (leathanbhanda), agus (iv) idir acmhainneacht satailíte Ka-bhanda agus acmhainneacht satailíte Ku-bhanda; (2) maidir le seirbhísí IFC leathanbhanda a sholáthar do chustaiméirí eitlíochta tráchtála, deighilt fhéideartha (i) idir eitiltí gearraistir agus cianaistir, (ii) idir Ku-bhanda agus Ka-bhanda, (iii) idir réitigh IFC atá bunaithe ar GEO agus réitigh IFC atá bunaithe ar LEO, agus (iv) idir teicneolaíocht satailíte agus teicneolaíocht aer go talamh ('**ATG**') nó hibrideach; agus (3) maidir le seirbhísí IFC a sholáthar do chustaiméirí eitlíochta gnó, deighilt fhéideartha (i) de réir chineál na n-aerárthaí agus (ii) de réir mhéid na n-aerárthaí.

([4]) Chun acmhainneacht satailíte leathanbhanda a sholáthar, rinne an Coimisiún measúnú féachaint an bhféadfadh an margadh a bheith mar chuid de mhargadh féideartha níos leithne chun acmhainneacht satailíte a sholáthar (lena n-áirítear leathanbhanda agus caolbhanda araon).

(24) *Ar an dara dul síos*, ní dócha go mbeidh aon chumhacht mhargaidh shuntasach ag na Páirtithe go luath, cé go mbeidh sciar níos airde den mhargadh acmhainneachta acu go luath amach anseo (agus sciar [50-60] % agus [5-10] % faoi seach ina seilbh ag Viasat agus Inmarsat in 2025). Is saintréith den mhargadh é cion suntasach d'acmhainneacht bhreise a bheith ann, sa mhéid go bhféadfadh acmhainneacht bhreise i measc iomaitheoirí acmhainneacht iomlán léasaithe na bPáirtithe a chuirtear amach ar léas chuig a gcustaiméirí a chumhdach faoi [...] ar a laghad (faoi láthair agus go luath amach anseo). Dá bhrí sin, níl acmhainneacht na bPáirtithe ríthábhachtach, agus dá bhrí sin is cosúil nach dócha go mbeadh leibhéal suntasach cumhachta margaidh ag an eintiteas cumaiscthe i leith a chustaiméirí reatha nó i leith custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith ann.

(25) *Ar an tríú dul síos*, tá líon leordhóthanach iomaitheoirí inchreidte fós ann tar éis an Idirbhirt agus is rogha mhalartach inchreidte iad ar an eintiteas cumaiscthe. Áirítear leis sin oibreoirí líonra satailíte GEO agus LEO araon, ar cosúil go bhfuil siad in iomaíocht go dlúth leis na Páirtithe, amhail Echostar Corporation, Eutelsat, SES, Intelsat, Iridium, SpaceX, Telesat (Lightspeed) agus OneWeb.

7.2. Níor thángthas ar an gconclúid gurb ann d'aon bhac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe i margadh an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta tráchtála

(26) Ar bhonn a imscrúdaithe dhomhain, chinn an Coimisiún nach gcuirfeadh an tIdirbheart bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar éifeachtaí neamh-chomhordaithe cothrománacha ar mhargadh domhanda nó ar mhargadh uile-LEE an tsoláthair seirbhísí IFC do chustaiméirí eitlíochta tráchtála (agus codanna féideartha díobh), go háirithe mar gheall ar an méid seo a leanas:

(27) Ar an gcéad dul síos, ní cheadódh an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag an eintiteas cumaiscthe ([30-40] %, i dtéarmaí aerárthaí tiomanta) don eintiteas cumaiscthe bac suntasach a chur ar iomaíocht sa mhargadh sin, in ainneoin gurb é an sciar is airde é, os rud é, tar éis an Idirbhirt, go mbeidh líon iomaitheoirí fós ann a bhfuil sciar suntasach den mhargadh acu - tá an sciar is mó ag Intelsat, agus sciar [20-30] % den mhargadh aige, agus ag Panasonic, agus sciar [20-30] % den mhargadh aige.

(28) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil luach teoranta fianaise ag scaireanna margaidh i margadh nuaghinte ina mbíonn athrú ag teacht ar phríomhpharaiméadair na hiomaíochta de thoradh riachtanais paisinéirí a bhíonn ag teacht chun cinn agus táirgí ó iomaitheoirí a fheabhsaítear go leanúnach, amhail margadh an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta tráchtála, agus go háirithe in LEE ina bhfuil ráta dul i bhfód na seirbhísí IFC sách íseal. Measann an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an imscrúdaithe margaidh, go ndealraíonn sé go ndéantar idirdhealú suntasach idir an t-éileamh ó aerlínte, agus nach bhfuil buntáistí iomaíocha ar leith ag na Páirtithe maidir le tacar ar leith de phríomhpharaiméadair iomaíochta sa chaoi go bhfágtar go mbeidís difriúil ó iomaitheoirí.

(29) Maidir leis na buntáistí iomaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag na Páirtithe a bhaineann le comhtháthú ingearach, tairiscint Ka-bhandaí, agus raon leathan deimhnithe, shoiléirigh imscrúdú margaidh chéim II an méid seo a leanas:

i. Níl gá le comhtháthú ingearach chun dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh, go háirithe i bhfianaise ró-sholáthar acmhainneachta satailíte faoi láthair agus sna blianta amach romhainn, rud atá idirmhalartach i gcásanna úsáide éagsúla/codanna tionscail éagsúla. Ina theannta sin, is féidir le soláthraithe IFC dul san iomaíocht agus tairiscintí a bhfuil acmhainneacht léasaithe acu a bhuachan agus d'éirigh le roinnt soláthraithe IFC, lena n-áirítear Viasat agus Intelsat (atá comhtháite go hingearach), a ngnólachtaí a thógáil ar bhonn na hacmhainneachta léasaithe.

ii. Ní gá seirbhísí IFC a thairiscint trí Ka-bhanda a úsáid chun dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh. Níl aon bhuntáiste teicniúil nó feidhmíochta cinnte ag baint leis an Ka-bhanda i comparaid leis an Ku-bhanda. Tá buntáistí agus míbhuntáistí éagsúla ag baint leis an dá mhinicíocht ó thaobh na n-aerlínte de ach tá feidhmíocht chomhchosúil ag baint leo ó thaobh an phaisinéara de.

iii. Ní gá raon leathan deimhniúchán a bheith acu chun dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh. Cé go bhfuil meas ag go leor aerlínte ar dheimhniúcháin atá ann cheana tráth na tairisceana, ní réamhriachtanas iad deimhniúcháin fheistithe bhunaidh agus iarfheistithe chun tairiscintí a dhéanamh ar chonarthaí IFC ná chun conarthaí den sórt sin a bhuachan, fad is a gheallann an tairgeoir go gcloífidh sé le hamlíne dhocht chun iad a bhaint amach nó go gcuirfidh sé amlíne dhocht chuige sin ar fáil.

(30) *Ar an dara dul síos*, tá líon leordhóthanach iomaitheoirí inchreidte fós ann tar éis an Idirbhirt. Tugann an Coimisiún dá aire gur aerlínte móra tráchtála iad príomhchustaiméirí na bPáirtithe in LEE, a bhfuil cur chuige ilfhoinsithe á shaothrú ag a bhformhór. Bunaithe ar thorthaí an imscrúdaithe margaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, chun críocha an mheasúnaithe ar an Idirbheart, gur roghanna malartacha inchreidte ar an eintiteas cumaiscthe tar éis an Idirbhirt iad Intelsat, Panasonic agus Anuvu, faoi seach. Ina theannta sin, thosaigh SpaceX ag tairiscint ar chonarthaí IFC agus, ó tháinig sé isteach sa mhargadh in 2022, tá conarthaí tráchtála IFC le sé aerlíne buaite aige cheana féin. Cé nach bhfuil sé cinnte faoi láthair cathain a dhéanfaidh SpaceX na conarthaí sin go hiomlán, agus cé acu agus a mhéid a d'fhéadfadh SpaceX fás a thuilleadh sa spás tráchtála IFC, ar a laghad cuirfidh SpaceX srian ar an eintiteas cumaiscthe i dtairiscintí IFC tar éis an Idirbhirt - é sin nó beidh sé ina rogha inchreidte ar an eintiteas cumaiscthe sna trí bliana amach romhainn.

(31) *Ar an tríú dul síos*, tá an margadh nuaghinte, le roinnt iontrálaithe nua féideartha. Go háirithe, cuireann an Eoraip deiseanna suntasacha ar fáil d'iomaitheoirí reatha agus d'iontrálaithe nua i dtaca le glacadh breise IFC d'aerlínte a bhfuil a gceanncheathrú san Eoraip, go háirithe i gcás gearraistear (laistigh den Eoraip). Go deimhin, is é 24.4 % an ráta dul i bhfód d'aerárthaí gearraistir san Eoraip, i gcomparáid le 72.9 % sna Stáit Aontaithe, agus tá beagnach gach aerlíne a thug freagra ar imscrúdú margaidh an Choimisiúin ag súil go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar sheirbhísí IFC sna trí bliana amach romhainn. Tá oibreoirí LEO agus GEO ag infheistiú chun a gcumais a leathnú ar roinnt bealaí, mar shampla trí lainseáil satailítí nua nó trí chomhpháirtíochtaí le SSPanna atá gníomhach i soláthar seirbhísí IFC (lena n-áirítear chun réitigh IFC hibride GEO/LEO a sholáthar). D'fhógair roinnt iontrálaithe nua féideartha go poiblí go bhfuil sé ar intinn acu dul isteach sa mhargadh. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur dócha, sna trí bliana amach romhainn, mura dtiocfaidh iontrálaithe nua isteach sa mhargadh, go mbeidh comhpháirtíochtaí ar a laghad ann le hiontrálaithe nua féideartha.

7.3. **Níor thángthas ar an gconclúid gurb ann d'aon bhac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe i margadh an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta gnó**

(32) Sa Chinneadh, is é conclúid an Choimisiúin nach dócha go mbeidh bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar an Idirbheart i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe ar mhargadh domhanda an tsoláthair seirbhísí IFC leathanbhanda do chustaiméirí eitlíochta gnó (agus ar an gcuid fhéideartha le haghaidh scairdeitleáin mhóra gnó), go háirithe mar gheall ar an méid seo a leanas:

(33) *Ar an gcéad dul síos*, tá sciar comhcheangailte an eintitis chumaiscthe measartha. Tá roinnt iomaitheoirí fós a bhfuil sciar níos airde den mhargadh acu, agus tá an sciar is mó ag Iridium Communications le sciar den mhargadh de [40-50]% ag baint leis, agus Gogo Business Aviation le sciar den mhargadh de [30-40]% ag baint leis. Ina theannta sin, ar leibhéal domhanda an mhargaidh chun seirbhísí IFC leathanbhanda a sholáthar le haghaidh scairdeitleáin mhóra gnó, bheadh sciar an eintitis chumaiscthe measartha freisin agus sciar comhcheangailte den mhargadh de [30-40]% ag baint leis. Bheadh an t-eintiteas cumaiscthe fós níos lú ná Gogo, agus sciar den mhargadh de [60-70]% ag baint leis.

(34) *Ar an dara dul síos*, tá líon leordhóthanach iomaitheoirí inchreidte fós ann tar éis an Idirbhirt agus is rogha mhalartach inchreidte iad ar an eintiteas cumaiscthe. Deimhníodh le toradh an imscrúdaithe margaidh go bhfuil iomaitheoirí amhail Iridium Communications, Gogo, SES (Luxstream), IDAIR, Intelsat (FlexExec), Smart Sky, agus SpaceX i ndlúth-iomaíocht leis na Páirtithe.

(35) *Ar an tríú dul síos*, tá na dálaí margaidh suaiteacha atá ann faoi láthair a leagtar amach maidir le IFC na heitlíochta tráchtála i bhfeidhm chomh maith céanna maidir le seirbhísí IFC na heitlíochta gnó, lena n-áirítear na buntáistí iomaíocha a bhaineann leis na NGSOanna/LEOnna atá ag teacht isteach le déanaí amhail aga folaigh níos ísle, dlús agus athléimneacht líonra níos mó, cumhdach gar-dhomhanda, agus costais níos ísle. Ina theannta sin, tá an margadh an-dinimiciúil agus beidh athruithe suntasacha á ndéanamh air amach anseo. Ina theannta sin, meastar go dtiocfaidh méadú ar líon iomlán na n-aerárthaí móra gnó atá nasctha le chéile ó níos lú ná 4 500 ag deireadh na bliana 2021 go dtí os cionn 12 000 faoin mbliain 2031. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur dócha, sna trí bliana amach romhainn, mura dtiocfaidh iontrálaithe nua isteach sa mhargadh, go mbeidh comhpháirtíochtaí ar a laghad ann le hiontrálaithe nua féideartha.

7.4. **Conclúid**

(36) Baintear de thátal as an gCinneadh, dá bhrí sin, nach spreagann an comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith amhras mór maidir lena chomhoiriúnacht leis an Margadh inmheánach.

8. **CONCLÚID**

(37) Is é conclúid an Chinnidh atá i gceangal nach gcuirfeadh an comhchruinniú atá beartaithe bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach nó i gcuid shuntasach de.

(38) Dá thoradh sin, tá se beartaithe leis an gCinneadh a dhearbhú go bhfuil an tIdirbheart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus Airteagal 8(1) den Rialachán um Chumaisc agus le hAirteagal 57 de Chomhaontú LEE.